



A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith. Táim ag scríobh chugaibh faoin bhfilleadh ar scoil. Tuigim go bhfuil sibh ar fad ar bís na pleananna a fheiceáil. Bíim ag iarraidh eolas a thabhairt daoibh in am ach níl na scoileanna ag fáil ach píosá eolais anseo agus ansiúd agus shíl mé gurbh fhearr fanacht go dtí go raibh roinnt mhaith eolais chruinn agam in ionad a bheith ag cur scéalta abhaile gach cúpla lá. Tá súil agam go mbeidh sé seo ina chabhair libh anois agus sibh ag ullmhú. An chloch is mó ar ár bpaidrín ná go mbeidh na páistí agus na baill foirne sábháilte ar scoil le gur féidir linn fanacht ar oscailt. An dara rud is tábhachtaí ansin ná go mothóidh gach duine compórdach agus sona sa timpeallacht “nua” scoile. Tá méadú suntasach le bheith ar an nglanadh a dhéantar sa scoil agus beidh uisce te i ngach uile sheomra. Beidh díghalrán lasmuigh de gach seomra ranga agus ag pointí eile sa scoil. Féach thíos réimse rudaí agus nósanna eile a bhfuilimid ag iarraidh oraibh leanúint. Mar a fheicimid sa nuacht gach oíche, tá an scéal ag athrú ó lá go lá agus déanfar leasuithe más gá. Má dhéanaimid ar fad ár gcuid, éireoidh linn.

I hope you are all keeping well. I am writing to you about returning to school. We have been extremely busy trying to prepare and I appreciate that you are all eager to see our plans. I try to give information as quickly as possible but schools are only getting bits and pieces of information and I felt it was best to wait until I had a good amount of accurate information instead of sending bits of information home every couple of days. I hope that this will now be of assistance as you prepare. Our priority is that our children and our staff are safe at school so that we can stay open. The next most important thing is that everybody feels comfortable and happy in the “new” school environment. There will be a significant increase on the cleaning done in the school every day and every class will now have warm water. Sanitiser will be outside of every classroom and at other points around the school. Please see the list below for a range of other measures and procedures we are asking you to follow. As we see from the news the situation is changing from day to day and changes will be made where necessary. If we all do our bit we will succeed.

- Caithfidh na páistí a dtuáille féin a thabhairt leo gach lá chun na lámha a thriomú. Ba cheart é seo a ní go rialta. *Children must have their own flannel/handtowel for drying hands. This should be washed regularly.*
- Caithfear na sonraí a uasdátú ar Aladdin – go háirthe uimhreacha gutháin. *Aladdin details must be updated and have current contact numbers.*
- Caithfidh na páistí fanacht ina ngrúpaí ranga *Children must stay in class groupings*
- Tóg tamall le bhur dtoil le meabhrú do na páistí conas na lámha a ní i gceart, conas sraotha ligean/casacht i gceart agus gur gá dóibh teagmháil le paistí eile a laghdú oiread agus is féidir. *Please take time to remind children how to wash hands properly, how to sneeze/cough and that they must reduce physical contact with other children as much as possible..*
- Níor cheart do thuismitheoirí na bpáistí ó Rang a Dó suas bheith ar láthair na scoile gan choinne *Parents of children from 2nd class upwards should not enter school grounds without appointment.*
- Do mhí Mheán Fómhair, tá cead ag na páistí éadaí spóirt na scoile a chaitheamh gach lá mas mian leo. *For the month of September, children may wear tracksuit every day*
- Moltar é seo i gcónaí ach **caithfidh** lipéidí a chur ar gach leabhar, mála, cás peann luaidhe, marcóirí, srl agus níl cead iad a roinnt. *We always advise this but all books, bags, pencil cases, markers etc **must** be clearly labelled and not shared.*
- Déan iarracht an méid ama a chaitheann tú timpeall ar gheataí na scoile a laghdú agus más féidir, fan sa charr agus lig don pháiste teacht chugat. Má tá tú ag páirceáil i bPáirc na Mílaoise, tar agus bailigh do pháiste agus fill ar an ngluaisteán chomh tapaidh agus is féidir leat. *Please reduce the amount of time you spend around the school gates and where possible remain in car and allow child to come to you. If parking in Millenium Park, please come and collect child and return to car as soon as possible.*
- Bí ar an eolas ar na nósanna imeachta má tá comharthaí tinnis ar do pháiste *Please familiarise yourself with procedures where your child has any symptoms*
- Bí ar an eolas faoin bhféin-leithlisiú sa chás go bhfuil tú nó do pháiste ag fillleadh ó thíortha thar lear *Please be aware of requirements around self-isolation where you or your child are returning from certain countries abroad.*
- Scáthleabhar mata
- Tóg teocht do pháiste roimh scoil le do thoil agus déan teagmháil le do Dhochtúir Teaghlaigh má tá aon imní ort *Take your child’s temperature before school and contact your GP if you have any concerns*
- Meabhraigh do do pháiste gan lón/deoch/pinn a roinnt le daoine eile



Remind your child not to share lunch/pencils/drinks with others.

- Fág bréagáin, rópaí scipeála, cártaí Pokemon agus rud ar bith nach bhfuil riachtanach d'obair scoile sa bhaile
Leave toys, skipping ropes, Pokemon cards and anything else not necessary for school work at home.
- Déan cinnte de go bhfuil páistí níos óige in ann a mboscaí lóin/a mbuidéal a láimhseáil/oscailt leo féin.
Ensure that younger children can handle/open their lunchboxes/bottles by themselves.
- Cuirfear gach rud nach bhfuil ite abhaile sa bhosca lóin
Anything uneaten will be sent home in the lunchbox

Beimid ag iarraidh an fadú sóisialta a bhaint amach ar dhá bhealach

We will be attempting to achieve physical distancing in two ways:

Bolgáin Ranga | Class Bubbles

Beidh na ranganna eagraithe chun bolgáin a chruthú. Déanfar an teagmháil idir na ranganna a laghdú chomh fada agus is féidir. Beidh leagan amach na ranganna ó R3 go R6 déanta chun an fadú seo idir na páistí a mhéadú nuair a ligeann an spás dúinn. Iarrfar ar pháistí cabhrú linn leis seo. Beidh an bolgáin seo i bhfeidhm sa chlós ag am sosa agus lóin freisin.
The classes will be organised to create "bubbles". Contact between classes will be reduced as much as possible. 3rd to 6th Class will be laid out in such a way as to increase this distancing between the children where space allows. Children will be asked to help with this. These bubbles will be in place in the yard at breaktime and lunchtime also.

Pointí cruinnithe, Doirse Isteach/Amach (Teagmháil a laghdú idir na grúpaí)

Assembly points and entrance/exit doors: (Minimising contact between groups).

Feicfidh tú thíos na pleananna faoi seo do gach rang. Seo ár gcéad iarracht air seo agus déanfar athbhreithniú agus leasú air más gá agus sinn ag dul ar aghaidh. Caithfidh glacadh leis nach mbeidh sé iontach áisiúil do pháistí, do thuisítí ná do bhaill na foirne ach seo an rud atá le déanamh más mian linn fanacht ar scoil. Is mór againn bhur dtuiscint agus bhur gcomhoibriú. Iarraim oraibh cloí leis na nósanna imeacht seo, ní éireoidh linn an rud rud atá uainn ar fad a bhaint mach gan bhur gcomhoibriú. Tá se níos tábhachtaí ná riamh gcuireann tú feidhlithe/seantuistí/éinne eile atá ag bailiú do pháistí ar an eolas faoi gach rud.

You will see below the plans for each group. This is our first attempt at this and it will be reviewed and tweaked where necessary as we go along. We have to accept that it will not be perfectly convenient for children, parents or staff but this is what we need to do to ensure that we can stay at school. Your understanding and cooperation are greatly appreciated. I would ask that you adhere to these procedures as we really can't achieve what we all want without your cooperation. It is more important than ever that you make minders/grandparents/anyone else collecting your child aware of everything.

Páistí atá ag mothú tinn | Children feeling sick:

Beidh fáilte ollmhór roimh gach páiste ach meabhraítear do thuismitheoirí nár cheart páistí a chur ar scoil má tá aon chomharthaí slaghdaín nó fliú nó casacht orthu. Beidh orainn páistí atá ag léiriú na gcomharthaí seo a leithlisiú agus cuirfear glaoch ar a dtuistí chun iad a bhailiú. Arís, mí-áisiúil ach níl aon dul as againn. Féach thíos an nasc faoi chomharthaí. Brón orm faoin mBéarla ach ní féidir liom teacht ar an leagan Gaeilge.

While all children will be welcome back to school, we would remind parents that, where children are displaying colds, coughs or flu like symptoms, they should not be sent to school. Children who display such symptoms in school will be isolated and parents asked to collect them from the school. Again, inconvenient, but we have no alternative.

Further information on COVID-19 symptoms in children is available at: –

<https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/if-your-child-has-symptoms.html>

Filleadh ó thíortha thar lear | Returning from abroad

Má tá do pháiste tagtha ar ais ó thír nach bhfuil ar an Liosta Glas, níor cheart dóibh teacht ar scoil go ceann 14 lá. Is fútsa é a bheith ar an eolas faoin liosta seo.

Children who have returned from countries not on the Green List should not attend school for 14-days. It is your responsible to be aware of this list.



Nósanna Imeachta Glaine | *Hygiene Procedures:*

Cuirfidh na múinteoirí na páistí ar an eolas faoi na nósanna cearta um ní na lámha agus shraoth/chasacht srl ach **caithfidh** sé seo a dhiangniú agus a chleachtadh sa bhaile.

Teachers will make children aware of the proper procedures regarding hand washing and sneezing/coughing but **this must** be reinforced and practiced at home.

Teacht isteach agus dul abhaile | *Accessing school and going home*

Naíonáin Bheaga | *Junior Infants*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoirí, tríd an doras seachtrach. Abhaile ar 12:00 ach 13:30 ón Déardaoin 10 Meán Fómhair.

At school at 8:40 – directly to classroom accompanied by parent, through the external door. Home at 12:00 but 13:30 from Thursday 10 September.

Naíonáin Mhóra Ghlasa | *Green Senior Infants*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.

At school from 8:40 directly to classroom accompanied by parent, through external door.

Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30

Lón | *Lunch* 12:00

Clós | *Yard* 12:15-12:30

Abhaile ar 13:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.

Home at 13:30 from footpath/railings outside office – to be collected from external classroom door if raining

Naíonáin Mhóra Bhuí | *Yellow Senior Infants*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.

At school from 8:40 directly to classroom accompanied by parent, through external door.

Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30

Lón | *Lunch* 12:00

Clós | *Yard* 12:15-12:30

Abhaile ar 13:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.

Home at 13:30 from footpath/railings at basketball court side – to be collected from external classroom door if raining

Rang a hAon | *First Class*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.

At school from 8:40 directly to classroom accompanied by parent, through external door.

Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30

Lón | *Lunch* 12:00

Clós | *Yard* 12:15-12:30

Abhaile ar 14:20 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.

Home at 14:20 from footpath/railings at basketball court side – to be collected from external classroom door if raining

Rang a Dó | *Second Class*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra gan a dtuismitheoirí, tríd an doras seachtrach.

At school from 8:40 directly to classroom unaccompanied, through external door.

Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30

Lón | *Lunch* 12:00

Clós | *Yard* 12:15-12:30

Abhaile ar 14:20 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.

Home at 14:20 from footpath/railings at side of office – to be collected from external classroom door if raining

Rang a Trí | *Third Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.



At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00

Lón | *Lunch* 12:30

Clós | *Yard* 12:40-13:00

Abhaile ar 14:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige. Is féidir le páistí a shiúlann leo féin dul ar aghaidh. Bailíonn na tuismitheoirí na páistí eile ón nGeata.

Home at 14:30 from the footpath/railings on office side. Children who walk home on their own may go ahead. Parents collect children outside gate.

Rang a Ceathair | *Fourth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.

At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00

Lón | *Lunch* 12:30

Clós | *Yard* 12:40-13:00

Abhaile ar 14:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – Is féidir le páistí a shiúlann leo féin dul ar aghaidh. Bailíonn na tuismitheoirí na páistí eile ón nGeata.


Home at 14:30 from the footpath/railings on basketball court side. Children who walk home on their own may go ahead. Parents collect children outside gate.

Rang a Cúig | *Fifth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.



At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50.



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00

Lón | *Lunch* 12:30

Clós | *Yard* 12:40-13:00


Abhaile ar 14:30. Siúlann siad amach doras seachtrach an tseomra, buaileann siad le tuismitheoirí lasmuigh den gheata/i bpáirc na mílaoise

Home at 14:30. Children walk out external classroom door and meet parents outside gate/in Millenium Park. Parents collect children outside gate.

Rang a Sé | Sixth Class

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.

At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00

Lón | *Lunch* 12:30

Clós | *Yard* 12:40-13:00

Abhaile ar 14:30 – siúlann siad amach doras seachtrach an tseomra, buaileann siad le tuismitheoirí lasmuigh den gheata/i bpáirc na mílaoise

Home at 14:30. Children walk out external classroom door and meet parents outside gate/in Millenium Park. Parents collect children outside gate.